Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026
(OR. en)

7539/1/26
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0183 (NLE)

POLCOM 108
COLAC 39

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Fógra maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile |

Tá fógra tugtha ag an Aontas Eorpach agus ag Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach tugtha i gcrích.[1]

Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 23.3, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 1 Bealtaine 2026 idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, faoi seach.

---

[1] IO L, 2026/184, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/184/oj.